C/2023/1266

28.11.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11182 — DEPA / GEK TERNA / GENER / FIER)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/1266)

1. An 17 Samhain 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— DEPA Commercial S.A. ('DEPA', an Ghréig),

— GEK TERNA S.A. ('GT', an Ghréig),

— GENER 2 SH.P.K ('GEN', an Albáin),

— FIER Thermoelectric SHA ('FIER', an Albáin).

Gheobhaidh DEPA, GT agus GENER rialú comhpháirteach ar FIER de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is mórsholáthróir gáis sa Ghréig é DEPA atá gníomhach i soláthar, i mórdhíol agus i miondíol an gháis nádúrtha, agus i soláthar miondíola leictreachais chomh maith;

— Tá GT gníomhach sna réimsí seo a leanas: foirgníocht, bonneagar, táirgeadh fuinnimh, soláthar agus trádáil fuinnimh ghlain ó fhoinsí teirmeacha agus in-athnuaite, soláthar agus trádáil leictreachais, lamháltais, bainistiú dramhaíola, mianadóireacht agus forbairt agus bainistiú eastáit réadaigh;

— Is cuideachta é GEN atá gníomhach sna réimsí seo a leanas: foirgníocht, bonneagar, oibreacha sibhialta, an fuinneamh, forbairt réadmhaoine, an teileachumarsáid, an miondíol agus lamháltais, agus tá láithreacht aige i margadh na hAlbáine agus sa réigiún níos leithne;

— Is úinéir, sealbhóir ceadúnais, forbróir, agus oibreoir gléasra cumhachta teirmí é FIER, go háirithe tuirbín gáis comh-thimthrialla in aice le Fier na hAlbáine.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11182 — DEPA / GEK TERNA / GENER / FIER

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË